

An Bhruiséil, 8 Iúil 2025
(OR. en)

11343/25

PI 147

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 364 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Threoir 2011/77/AE lena leasaítear Treoir 2006/116/CE maidir leis an téarma cosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 364 final.

Faoi iamh: COM(2025) 364 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2025
COM(2025) 364 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN
gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA
hEORPA**

**Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Threoir 2011/77/AE lena leasaítear Treoir 2006/116/CE
maidir leis an téarma cosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara**

Clár

I.	RÉAMHRÁ.....	2
II.	CÚLRA	3
1.	Cúlra dlíthiúil	3
2.	Measúnú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le síneadh a chur leis an téarma cosanta do chearta taibheoirí agus léiritheoirí san earnáil closamhairc	5
III.	TRASÚÍ AGUS CUR CHUN FEIDHME NA TREORACH SNA BALLSTÁIT.....	6
IV.	TIONCHAR GINEARÁLTA AN TSÍNIDH LEIS AN TÉARMA A TUGADH ISTEACH I DTREOIR 2011 MAIDIR LE TÉARMAÍ	7
V.	BEARTA TIONLACAIN	9
1.	Clásal 'úsáid é nó caill é'	10
3.	Foráil maidir le Tús Nua	14
4.	An ceart chun athchaibidlíochta	15
VI.	CONCLÚID.....	15

I. RÉAMHRÁ

Glacadh Treoir 2011/77/AE ('Treoir 2011 maidir le Téarmaí' nó 'an Treoir') lena leasaítear Treoir 2006/116/CE maidir le téarma cosanta do chóipcheart agus cearta gaolmhara áirithe in 2011 chun feabhas a chur ar chosaint taibheoirí ceoil agus léiritheoirí fónagram agus chun feabhas a chur ar staid shóisialta taibheoirí. Leis an Treoir, cuireadh síneadh 20 bliain leis an téarma cosanta do chearta taibheoirí agus léiritheoirí fónagram ón gcéad fhoilsiú dleathach nó ón gcéad chumarsáid dhleathach leis an bpobal agus tugadh isteach sraith beart tionlacain arb é is aidhm dóibh seasamh margála taibheoirí ina gcaidrimh chonarthacha le léiritheoirí a athchothromú.

Le Treoir 2011 maidir le Téarmaí, faoi Airteagal 3(1), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh faoin 1 Samhain 2016 ina ndéanfar measúnú ar a cur i bhfeidhm i bhfianaise fhorbairt an mhargaidh dhigitigh, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra chun Treoir 2006/116/CE a leasú a thuilleadh. Foilsíodh in 2020 an tuarascáil dá dtagraítear faoi Airteagal 3(2) den Treoir, a bhaineann leis an measúnú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le síneadh a chur leis an téarma cosanta do chearta taibheoirí agus léiritheoirí san earnáil closamhairc.

Tá foilsiú déanach na Tuarascála seo nasctha leis na forbairtí is déanaí i ndlí cóipchirt an Aontais agus leis an ngá atá ann na rialacha nua a chur san áireamh, rialacha maidir le luach saothair údar agus taibheoirí a tugadh isteach sa treoir maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach (dá ngairtear an Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach anseo feasta)¹, a glacadh in 2019. Tá forálacha² sa Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach arb é is aidhm dóibh feabhas a chur a thuilleadh ar sheasamh conarthach na dtaibheoirí, forálacha a cuireadh chun feidhme sna Ballstáit le blianta beaga anuas. Measann seirbhísí an Choimisiúin go raibh sé tábhachtach na forálacha nua sin a chur san áireamh, mar aon le forbairtí margaidh agus teicneolaíochta sa mhargadh digiteach ceoil, chun measúnú a dhéanamh ar Threoir 2011 maidir le Téarmaí.

Is é staidéar spriocdhírithe (dá ngairtear 'an Staidéar' anseo feasta) an phríomhfhoinsé faisnéise a thacaíonn leis an tuarascáil seo³. Foilsítear an staidéar in éineacht leis an tuarascáil seo. Áirítear ann aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bailíodh trí shuirbhé ar líne lena ndírítear ar pháirtithe leasmhara ábhartha ón earnáil ceoil (taibheoirí, léiritheoirí

¹ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach, COM (2016) 593 final

² Caibidil 3 de Threoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE

³ [Staidéar spriocdhírithe ar chur i bhfeidhm Threoir 2011/77/AE maidir leis an téarma cosanta do chóipcheart agus cearta gaolmhara áirithe](#). Rinneadh an bailiú sonraí (taighde deisce, suirbhé, agallaimh) chun críocha an Staidéir ag deireadh 2021 agus ag tús 2022.

fónagram agus cumainn bailithe dleachtanna den chuid is mó,⁴ ach chomh maith leis sin lipéid cheoil san fhearann poiblí, soláthraithe seirbhísí ar líne, dáileoirí agus craoltóirí), arna gcomhlánú le sraith agallamh. Clúdaítear i dtaighde deisce an staidéir na Ballstáit uile agus cumhdaítear sa taighde allamuigh 18 mBallstát.

Ina theannta sin, d'áitigh seirbhísí an Choimisiúin go gcomhlánóidís an fhianaise a bailíodh sa Staidéar trí fhoinsí eile atá ar fáil, go háirithe teagmhálacha le páirtithe leasmhara agus faisnéis atá ar fáil i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011 maidir le Téarmaí. Sa chomhthéacs sin, is foinse chomhlántach fianaise é Staidéar 2018 arna choimisiúnú ag Coiste JURI Pharlaimint na hEorpa ('an staidéar ó Pharlaimint na hEorpa').⁵ Sa staidéar seo ó Pharlaimint na hEorpa, breathnaíodh ar staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2011 maidir le Téarmaí i roinnt Ballstát agus rinneadh roinnt éifeachtaí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas.

II. CÚLRA

1. Cúlra dlíthiúil

Tá saothair agus ábhar eile faoi chosaint ag cóipcheart ar feadh tréimhse theoranta ama. Is é an 'téarma cosanta' do chóipcheart agus do chearta gaolmhara an tréimhse ar lena linn a shealbhaíonn sealbhóirí cirt cearta ina saothair atá faoi chosaint ag cóipcheart, agus ábhar eile atá faoi chosaint ag cearta gaolmhara⁶. Tar éis don téarma cosanta dul in éag, tagann saothar nó ábhar isteach san fhearann poiblí.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tugadh isteach téarma íosta cosanta d'údair i gCoinbhinsiún Bheirn⁷ agus níos déanaí do thaibheoirí, do léiritheoirí fónagram agus d'eagraíochtaí

⁴ De réir Airteagal 3(a) de Threoir 2014/26/AE: Ciallaíonn 'cumann bailithe dleachtanna' aon eagraíocht atá údaraithe le dlí nó le sannadh, le ceadúnas nó le haon socrú conarthach eile chun cóipcheart nó cearta a bhaineann le cóipcheart a bhainistiú thar ceann níos mó ná sealbhóir cirt amháin, ar mhaithe le tairbhe chomhchoiteann na sealbhóirí cirt sin, arb é sin an t-aon chuspóir nó an phríomhaidhm atá aige, agus a chomhlíonann ceann amháin nó an dá cheann de na critéir seo a leanas: (i) tá sé faoi úinéireacht nó faoi rialú a chomhaltaí; (ii) eagraítear é ar bhonn neamhbhrabúsach.

Is páirtithe leasmhara ábhartha i slabhra luacha ceoil taifeadta iad cumainn bailithe dleachtanna maidir leis an síneadh leis an téarma toisc go gcuireann siad le gnéithe sonracha de chur chun feidhme praiticiúil Threoir 2011 maidir le Téarmaí nuair a bhailíonn agus nuair a dháileann siad ioncaim a bhfuil taibheoirí agus léiritheoirí ina dteideal, thar a gceann. Is féidir an t-ioncam sin a bheith bunaithe ar úsáid ceart eisiach nó ceart luacha saothair. Cé go n-aistrítear cearta eisiacha taibheoirí chuig na léiritheoirí de ghnáth, is iondúil go gcuirtear de chúram ar chumainn bailithe dleachtanna cearta luacha saothair taibheoirí a bhainistiú.

⁵ [Cur chun feidhme Threoir 2011/77/AE: téarma cosanta do chóipcheart](#)

⁶ Cé go gcumhdaítear leis an téarma 'cóipcheart' cearta eacnamaíocha agus morálta a dheonaítear d'údair saothar, is iad 'cearta gaolmhara' na cearta eacnamaíocha agus morálta a thugtar do thaibheoirí, do léiritheoirí agus do chraoltóirí ar an ábhar sonrach. Is minic a dheonaítear cearta gaolmhara chun infheistíocht a spreagadh agus níl siad faoi réir aon choinníoll maidir le 'bunús' ná 'cruthaitheacht'. Ní dhéantar cearta morálta a chomhchuíbhiú faoi dhlí cóipchirt an Aontais.

⁷ Déantar foráil le hAirteagal 7 de Choinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint maidir le cosaint 50 bliain tar éis dheireadh bhliain bhás an údair.

craoltóireachta i gCoinbhinsiún na Róimhe⁸. Faoi Chonradh WIPO um Chóipcheart 1996, tá feidhm ag an téarma cosanta céanna agus atá i bhfeidhm faoi Choinbhinsiún Bheirn d'údair⁹. Le Conradh WIPO um Thaibhithe agus Fónagraim 1996, bunaíodh téarma cosanta 50 bliain do thaibheoirí, téarma a áirítear ó dheireadh na bliana nuair a rinneadh an fosú nó an foilseachán ábhartha.¹⁰

San Aontas Eorpach, rinneadh an téarma cosanta d'údair agus do shealbhóirí ceart gaolmhar a chomhchuihbhiú den chéad uair le Treoir 93/98/CEE ón gComhairle¹¹, agus Treoir 2006/116/CE¹² ina dhiaidh sin. Comhchuihbhíodh an téarma cosanta do na cearta gaolmhara uile¹³ ag 50 bliain ag comhaireamh ó na gníomhartha ábhartha taibhithe nó fosaithe, foilsiú dleathach, cumarsáid dhleathach leis an bpobal nó craoladh.¹⁴

Glacadh Treoir 2011 maidir le Téarmaí, lenar leasaíodh Treoir 2006/116/CE, an 27 Meán Fómhair 2011 agus b'éigean do na Ballstáit í a thrasú faoin 1 Samhain 2013¹⁵.

Chuir sí síneadh leis an téarma cosanta do thaibheoirí agus do léiritheoirí maidir le fosuithe taibhithe ceoil agus fónagram ó 50 bliain go 70 bliain ón gcéad uair a foilsíodh an taifeadadh go dleathach nó a cuireadh in iúl don phobal é. Tá feidhm ag an síneadh sin ar an téarma cosanta maidir leis na cearta eisiacha agus na cearta luacha saothair a dheonaítear do léiritheoirí fónagram agus do thaibheoirí i dTreoir 2001/29/CE¹⁶, i dTreoir 93/83/CEE¹⁷ agus i dTreoir 2006/115/CE¹⁸, chomh maith leis an gcúiteamh cóir atá dlite faoi eisceachtaí áirithe dá bhforáiltear sa dlí maidir le cóipcheart AE.

Le Treoir 2011 maidir le Téarmaí, comhchuihbhíodh freisin an téarma cosanta do shaothair cheoil le focail lena soiléirítear go rachaidh sé in éag 70 bliain tar éis bhás an duine dheireanaigh seo a leanas a mhairfidh: údar na liricí agus an cumadóir¹⁹.

Ina theannta sin, tugadh isteach leis an Treoir sraith beart tionlacain arb é is aidhm dóibh go bunúsach a áirithiú go bhféadfadh na taibheoirí a d'aistrigh nó a shann a gcearta eisiacha

⁸ Déantar foráil le hAirteagal 14 de Choinbhinsiún na Róimhe chun taibheoirí, léiritheoirí fónagram agus eagraíochtaí craoltóireachta a chosaint, maidir le cosaint 20 bliain ó dheireadh na bliana ina ndearnadh an fosú, an taibhiú nó an craoladh.

⁹ Airteagal 1 de Chonradh WIPO um Chóipcheart

¹⁰ Airteagal 17 de Chonradh WIPO um Thaibhithe agus Fónagraim

¹² Treoir 2006/116/CE maidir leis an téarma cosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara áirithe (IO L 372, 27.12.2006, lch. 12.)

¹³ Cearta gaolmhara léiritheoirí fónagram, taibheoirí agus eagraíochtaí craoltóireachta

¹⁴ Airteagal 3 de Threoir 93/98/CEE ón gComhairle agus Treoir 2006/116/CE

¹⁵ Airteagal 2(1) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí

¹⁶ Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe de chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuihbhiú sa tsochaí faisnéise (IO L 167, 22.6.2001, lch. 10)

¹⁷ Treoir 93/83/CEE ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1993 maidir le comhordú rialacha áirithe a bhaineann le cóipcheart agus cearta i dtaca le cóipcheart is infheidhme maidir le craoladh satailíte agus atarchur cábla (IO L 248, 6.10.1993, lch. 15)

¹⁸ Treoir 2006/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an gceart ligean ar cíós agus leis an gceart iasachta agus maidir le cearta áirithe a bhaineann le cóipcheart i réimse na maoine intleachtúla (IO L 376, 27.12.2006, lch. 28)

¹⁹ Airteagal 1(1), Treoir 2011 maidir le Téarmaí

do léiritheoirí fónagram tairbhiú den síneadh leis an téarma: (i) an clásal ‘úsáid é nó caill é’, (ii) an luach saothair forlíontach bliantúil agus (iii) an clásal maidir le tús nua (féach roinn VI). Ina theannta sin, tugadh isteach foráil ar leithligh mar bheart roghnach do na Ballstáit lena gcuirtear ar chumas taibheoirí conarthaí a athchaibidliú ina bhfabhar, rud a thugann teideal dóibh íocaíochtaí athfhillteacha a fháil tar éis an 50ú bliain ó fhoilsiú dleathach an taifeadta nó ó cuireadh an taifeadadh in iúl don phobal.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur tugadh isteach forálacha breise, atá dírithe ar fheabhas a chur ar staid chonarthaigh na dtaibheoirí, sa Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach (prionsabal an luacha saothair iomchuí agus chomhréirigh, oibleagáid trédhearcachta, sásra coigeartaithe conartha, nós imeachta um réiteach malartach díospóidí agus an ceart cúlghairme). Tá na forálacha sin níos leithne ná na bearta tionlacain a thuairiscítear thuas, agus tá feidhm acu maidir le húdair agus taibheoirí araon ar fud earnálacha na cruthaitheachta.

2. Measúnú ar an ngá a d’fhéadfadh a bheith le síneadh a chur leis an téarma cosanta do chearta taibheoirí agus léiritheoirí san earnáil closamhairc

Le Treoir 2011 maidir le Téarmaí, níor cuireadh síneadh leis an téarma cosanta do thaibheoirí agus do léiritheoirí closamhairc. Tugadh aghaidh air sin i nDoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 9 Nollaig 2020, ina ndearnadh measúnú ar an ngá a d’fhéadfadh a bheith le síneadh a chur leis an téarma cosanta do chearta taibheoirí agus léiritheoirí san earnáil closamhairc mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí²⁰. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre sin, tháinig seirbhísí an Choimisiúin ar an gconclúid nár iarradh leis an bhfianaise a bhí ar fáil síneadh a chur leis an téarma cosanta do thaibheoirí agus léiritheoirí scannán san earnáil closamhairc agus thug siad le fios go scrúdófaí an t-ábhar sin freisin i gcomhthéacs níos leithne an mheasúnaithe ar fheidhmiú Threoir 2011 maidir le Téarmaí.

Dá bhrí sin, chun an anailís a rinneadh in 2020 a chomhlánú, chuir seirbhísí an Choimisiúin de chúram ar chonraitheoir an Staidéir tuilleadh fianaise a bhailiú maidir leis an ábhar sin. Rinne an conraitheoir suirbhé tiomnaithe ar líne, agallaimh agus cuardach gréasánbhunaithe chun torthaí breise a bhailiú.

Deimhníodh sa Staidéar an fhaisnéis a cuireadh i láthair i nDoiciméad Inmheánach Oibre 2020 de chuid an Choimisiúin maidir le toimhdí dlíthiúla i ndáil le haistriú ceart agus cleachtas conarthaigh san earnáil closamhairc, agus an toradh ar chearta taibheoirí closamhairc a bheith comhchruinnithe leis na léiritheoirí seachas le cumainn bailithe dleachtanna²¹. Rinneadh tuilleadh anailíse sa staidéar ar na hioncaim a d’fhéadfadh a bheith nasctha le saothrú scannán tar éis 50 bliain óna n-eisiúint chun measúnú níos fearr a

²⁰ <https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/staff-working-document-pursuant-reporting-obligation-laid-down-directive-201177eu-term-protection>

²¹ Staidéar, leathanaigh 91-94

dhéanamh ar an ngá atá le síneadh a chur leis an téarma agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an síneadh sin. Léiríonn na sonraí ón eisiúint amharclannaíochta go dtarlaíonn an chuid is mó den ioncam ó dháileadh tráchtála scannán sna chéad 3 bliana tar éis na chéad eisiúna. Tá scannáin atá níos sine ná 50 bliain ar fáil ar bhonn níos lú i gcraoltaí teilifíse agus i gcainéil ar éileamh; mar sin féin, níl aon sonraí ar fáil maidir leis an ioncam a ghintear leis na bealaí dáileacháin sin, rud a fhágann go bhfuil sé deacair measúnú iomlán a dhéanamh ar an ioncam a ghintear trí scannáin a shaothrú tar éis 50 bliain. Léiríodh sa Staidéar freisin gur sách beag atá sciar na seanscannán (a foilsíodh idir 1970 agus 1980) sna catalóga a bhainistíonn cumainn bailithe dleachtanna thar ceann a gcleamhnaithe, rud a fhágann go bhfaigheann taibheoirí ioncam imeallach as na scannáin sin.²²

Níor aimsíodh sa Staidéar aon fhianaise nua a chuirfeadh in aghaidh na dtorthaí roimhe sin a cuireadh i láthair i nDoiciméad Inmheánach Oibre 2020 de chuid an Choimisiúin. Dá bhrí sin, léirítear i dtorthaí an bhailithe fianaise chomhlántaigh nach bhfuil gá, ag an bpointe seo, síneadh a chur leis an téarma cosanta do thaibheoirí agus léiritheoirí scannán san earnáil closamhairc.

III. TRASÚ AGUS CUR CHUN FEIDHME NA TREORACH SNA BALLSTÁIT

Tá Treoir 2011 maidir le Téarmaí trasuite anois ag na Ballstáit uile. Ba é an 01 Samhain 2013 an spriocdháta don trasuí. Mar sin féin, bhí moill ar roinnt Ballstát an treoir a thrasú agus b'éigean cásanna sáráithe maidir le neamhchumarsáid na mbeart trasuite a oscailt.

Sa staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, scrúdaíodh trasuí Threoir 2011 maidir le Téarmaí i seacht mBallstát agus ardaíodh ceisteanna sonracha maidir le cuid d'fhorálacha Threoir 2011 maidir le Téarmaí, is é sin léirmhíniú na dtéarmaí 'foilsithe go dleathach' agus 'curtha in iúl go dleathach don phobal' maidir leis an téarma cosanta a ríomh agus cé acu is féidir nó nach féidir athmháistrí a mheas mar fhónagraim nua, chomh maith le ceist maidir leis an ailíniú idir an téarma cosanta do léiritheoirí fónagram agus do thaibheoirí²³.

Níl aon ghearán faighte ag an gCoimisiún faoi thrasú ná faoi chur i bhfeidhm Threoir 2011 maidir le Téarmaí ag na Ballstáit ó tháinig sí i bhfeidhm. Ní raibh aon réamhthagairt ó aon Bhallstát i ndáil le forálacha Threoir 2011 maidir le Téarmaí agus, dá bhrí sin, níl aon chásdlí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis an Treoir sin.

Fuarthas amach sa Staidéar gur éirigh go maith le cur chun feidhme Threoir 2011 maidir le Téarmaí ar an iomlán, cé gur sainaithníodh ann freisin roinnt saincheisteanna i ndáil le cur chun feidhme náisiúnta forálacha sonracha, rud a chuir moill ar chur i bhfeidhm iarbhír na rialacha a áirítear i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí²⁴. Eascraíonn cuid de na

²² Staidéar, leathanaigh 94-103. Féach freisin an staidéar a d'fhoilsigh an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc le déanaí: [‘Scannáin Oidhreacht a bPictiúrlanna – anailís 2014-2023’](#) go háirithe sleamhnán 15

²³ Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, leathanaigh 15-16

²⁴ Staidéar, leathanach 81

saincheisteanna sin as ceisteanna a bhaineann le cleachtas agus dlí náisiúnta maidir le cóipcheart, thar raon feidhme chur i bhfeidhm Threoir 2011 maidir le Téarmaí agus na rialacha a chomhchuíbhítear ar leibhéal an Aontais. Ós rud é go mbaineann siad leis na bearta tionlacain, go háirithe an clásal ‘úsáid é nó caill é’ agus an luach saothair forlíontach bliantúil, mínítear na saincheisteanna sonracha sin go mion thíos (féach roinn V).

Ar an taobh eile, sainithníodh sa staidéar freisin cleachtais náisiúnta shonracha (maidir le cur chun feidhme an luacha saothair fhorlíontaigh bhliantúil, tosca bactha stairiúla agus seasamh margála taibheoirí) i roinnt Ballstát a bhfuil sé d’acmhainn acu cur chun feidhme fhorálacha sonracha Threoir 2011 maidir le Téarmaí a éascú.²⁵

IV. TIONCHAR GINEARÁLTA AN TSÍNIDH LEIS AN TÉARMA A TUGADH ISTEACH I dTREOIR 2011 MAIDIR LE TÉARMAÍ

Ba é an phríomhspríoc a bhí le síneadh 20 bliain a chur leis an téarma cosanta do thaibheoirí ceoil agus do léiritheoirí fónagram sruthanna ioncaim na sealbhóirí cirt sin atá ann a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse bhreise ama. Mar a léirítear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra reachtach, bhí gá leis sin chun feabhas a chur ar staid shóisialta na dtaibheoirí, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna ioncaim a bhí roimh thaibheoirí ceoil ag deireadh a saoil²⁶, chomh maith le dul i ngleic le caillteanais ioncaim léiritheoirí fónagram mar thoradh ar phíoráideacht agus ar na dúshláin a bhaineann le dáileadh digiteach.²⁷

Is deacair rannchuidiú an tsínidh leis an téarma chun na spriocanna sin a bhaint amach a leithlisiú, toisc go ndearna roinnt tosca tábhachtacha difear don mhargadh ceoil ó tháinig Treoir 2011 maidir le Téarmaí i bhfeidhm.

Mar thoradh ar an digitiú agus ar an méadú atá ag teacht ar an tóir atá ar úsáid ceoil ar éileamh trí sheirbhísí sruthaithe ceoil, tháinig athruithe tábhachtacha ar an earnáil ceoil taifeadta toisc go ndéantar dáileadh fónagram a sheachadadh go digiteach nó ar líne den chuid is mó, rud a mhéadaíonn an fháil atá ar cheol agus rud a chuidíonn le healaíontóirí agus le léiritheoirí dul i bhfeidhm ar lucht féachana níos leithne. Chomh maith leis sin, tá níos mó agus níos mó ealaíontóirí ag eisiúint ceoil iad féin ar ardáin sruthaithe. Mar thoradh air sin, ó tháinig Treoir 2011 maidir le Téarmaí i bhfeidhm, cé go bhfuil níos mó ceoil ar fáil d’úsáideoirí ar líne, tá formhór na mbealaí dáileacháin eile i bhformáidí analógacha beagnach imithe go hiomlán nó is bealaí dáileacháin nideoige iad anois. Níor cuireadh na treochtaí athraitheacha sin sa tionscal ceoil in éineacht le méadú ar phraghas an cheoil i

²⁵Staidéar, leathanaigh 116, 120, 122

²⁶ Aithris 5 de Threoir 2011/77/AE

²⁷ Togra le haghaidh Treorach lena leasaítear Treoir 2006/116/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an téarma cosanta do chóipcheart agus do chearta gaolmhara (COM(2008) 464 final) Meabhrán míniúcháin; Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin — Measúnú Tionchair ar staid dhlíthiúil agus eacnamaíoch taibheoirí agus léiritheoirí ceirníní san Aontas Eorpach (SEC(2008) 2288), leathanach. 26.

bhformáidí digiteacha, agus is dócha go dtiocfaidh aon mhéadú ar phraghsanna i bhformáidí analógacha mar gheall ar thosca eile lasmuigh den ábhar cruthaitheach²⁸. É sin ráite, ós rud é go bhfuil formhór na bhformáidí analógacha imithe i léig anois nó nach bhfuil siad ar fáil go forleathan, is gnách go mbíonn ar thomhaltóirí rochtain dhigiteach de chineál éigin ar cheol a athcheannach, rud a bhí mar chuid dá mbailiúcháin phríobháideacha tráth. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an bpíoráideacht le 10 mbliana anuas²⁹, baineann sí an bonn d'ioncam an tionscail ceoil fós.³⁰

Tá sé tábhachtach freisin méid agus ábharthacht margaidh na gcatalóga a chur san áireamh, rud a chumhdaítear go dtí seo leis an síneadh leis an téarma ó 50 bliain go 70 bliain tar éis chéadfhoilsiú an fhónagraim. Go dtí le déanaí, níor thairbhí an síneadh dá bhforáiltear faoi Threoir 2011 maidir le Téarmaí ach de thaifeadtaí níos sine ó na 1960idí. Tá níos lú taifeadtaí sna stórtha seo, agus is iondúil gur lú an tóir a bhíonn orthu sa lá atá inniu ann. Ós rud é go dtairbheoidh níos mó agus níos mó taifeadtaí ó na 70idí, na 80idí agus na 90idí de shíneadh a chur leis an téarma cosanta, is dócha go mbeidh níos mó ioncaim ann do na sealbhóirí cirt ábhartha mar thoradh ar chur chun feidhme Threoir 2011 maidir le Téarmaí.³¹

Chomh maith leis sin, bíonn tionchar ag an méid beag sonraí cainníochtúla atá ar fáil go ginearálta ar an measúnú ar thionchair Threoir 2011 maidir le Téarmaí. Dá ainneoin sin, is féidir measúnú cáilíochtúil foriomlán a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil.

Leis an 20 bliain bhreise de chosaint a tugadh isteach le Treoir 2011 maidir le Téarmaí, tugadh an téarma cosanta do thaibheoirí agus léiritheoirí ceoil san Aontas níos gaire don téarma cosanta a chuirtear i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe³², mórmhargadh. Bhí baol ann go mbeadh tionchar diúltach ag an difríocht 45 bliana a bhí ann roimhe seo idir an téarma cosanta sna Stáit Aontaithe agus san Aontas ar an éagsúlacht chultúrtha sa cheol san Aontas trí na dreasachtaí a laghdú chun ceol a chruthú do mhianta mhuintir na hEorpa, mar gheall ar an ioncam níos airde a d'fhéadfadh a bheith ann ó mhargadh na Stát Aontaithe.³³

Rannchuidigh an síneadh leis an téarma, tríd an mbearna sin sa chosaint a laghdú agus trí ligean d'fhónagraim níos sine a mhargú, le digitíú na stórtha a ndearnadh difear dóibh a chothú. Ba iad fónagraim ó na 1960idí an chéad ghrúpa taifeadtaí a d'fhéadfadh tairbhiú den síneadh leis an téarma cosanta. Leis an síneadh leis an téarma, bhí léiritheoirí fónagram

²⁸ Staidéar, leathanaigh 52-54

²⁹ De réir thuascáil EUIPO i ndáil le Treochtaí maidir le sárú ar chóipcheart digiteach san Aontas Eorpach (2023), tá rochtain bhradach ar ábhar ceoil ar leibhéal leanúnach ó lár 2020, ag thart ar aon chúigiú de leibhéal 2017.

³⁰ Staidéar, leathanach 55

³¹ Féach leathanaigh 69, 73-74 agus 110 den Staidéar ina luann roinnt cumann bailithe dleachtanna an tábhacht a bhaineann leis an tóir atá ar an taifeadadh maidir leis an ioncam a ghintear. Chomh maith leis sin, maidir le roinnt Ballstát, tá cumainn bailithe dleachtanna ag súil le méadú ioncaim a bhaineann leis na hathruithe polaitiúla, dlíthiúla agus eacnamaíocha a tharla ó bhí tús na 90idí ann.

³² Sna Stáit Aontaithe, tá cosaint 95 bliana ag taifeadtaí fuaime, cosaint a áirítear nuair a cruthaíodh iad (17 U.S.C. 302 (c))

³³ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Measúnú Tionchair ar Staid Dhlíthiúil agus Eacnamaíoch taibheoirí agus Léiritheoirí Ceirníní san Aontas Eorpach, 2008, lch. 19-20

in ann leas a bhaint as a gcatalóg saothar ar feadh tréimhse níos faide agus leanúint dá margú. Spreag sé sin, in éineacht le forbairtí teicneolaíochta agus margaidh, léiritheoirí chun na fónagraim níos sine sin a dhigitiú. Trí na hamhráin sin a choinneáil sna catalóga, go minic le cáilíocht fuaime níos fearr san fhormáid dhigiteach, cuidíodh le hioncam a ghiniúint. Mar thoradh air sin, tá níos mó ceoil ar fáil go héasca do thomhaltóirí.³⁴

Léiríodh sa suirbhé a rinneadh chun críocha an Staidéir tuairimí éagsúla maidir le tionchar an tsínidh leis an téarma ar láimhdeachas na margaí náisiúnta ceoil san Aontas.³⁵ Measann léiritheoirí ceoil agus a gcomhlachais go bhfuil an ghné shonrach sin de Threoir 2011 maidir le Téarmaí sách dearfach, agus luaigh cuid acu gur féidir le fónagraim níos sine leanúint de roinnt ioncaim a ghiniúint. Tá tuairimí níos scaipthe ag cumainn bailithe dleachtanna agus ní léir do thaibheoirí go bhfuil méadú mór tagtha air sin.

Fuarthas amach sa Staidéar go raibh treocht ghinearálta aníos ann idir 2010 agus 2020 i ndáil le héabhlóid an ioncaim iomláin a dháiltear ar thaibheoirí agus ar léiritheoirí fónagram araon; bunaithe ar na sonraí atá ar fáil, áfach, is deacair éifeacht an tsínidh leis an téarma a scaradh ó fhorbairtí dlíthiúla agus teicniúla eile.³⁶ De réir roinnt cumann bailithe dleachtanna, a cuireadh faoi agallamh, tá an méadú ginearálta sin ar ioncam nasctha le gnéithe eile a bhaineann le bainistiú ceart comhchoiteann, amhail cur chun feidhme na Treorach maidir le Comhbhainistiú Ceart³⁷ agus córais fheabhsaithe bainistithe ceart a úsáideann cumainn bailithe dleachtanna.³⁸

V. BEARTA TIONLACAIN

Chomh maith le síneadh a chur leis an téarma cosanta, tugadh isteach le Treoir 2011 maidir le Téarmaí trí shraith de bhearta tionlacain a raibh feidhm acu go sonrach maidir le taibheoirí ar feadh thréimhse an tsínidh leis an téarma in Airteagal 1(2)(c) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí. Bhí sé d'aidhm ag na bearta sin aghaidh a thabhairt ar shainiúlachtaí na gcleachtas conarthach sa tionscal ceoil, faoina n-aistríonn taibheoirí a gcearta nó faoina sannann siad a gcearta do léiritheoirí fónagram agus comhaontú ceirníní á shíniú acu, i gcomaoin ríchíosanna nó íocaíochtaí aonuaire³⁹.

Is iad na bearta a áirítear i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí an clásal ‘Úsáid é nó caill é’, an Luach Saothair Forlíontach Bliantúil agus an fhoráil maidir le ‘Tús nua’. Ar deireadh, tugadh isteach leis an Treoir beart roghnach do na Ballstáit lena gcuirtear ar chumas

³⁴ Staidéar, leathanach 79

³⁵ Staidéar, leathanach 58

³⁶ Staidéar, leathanaigh 63-64

³⁷ TREOIR 2014/26/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 26 Feabhra 2014 maidir le comhbhainistiú ar chóipcheart agus cearta gaolmhara agus ar cheadúnú ilchríochach na gceart i saothair cheoil le haghaidh úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach

³⁸ Staidéar, leathanach 65

³⁹ Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chleachtais chonarthacha san earnáil ceoil, féach Staidéar 2015 maidir le [Luach saothair na n-údar agus na dtaibheoirí as a saothair a úsáid agus as a dtaibhithe a shocrú — Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh \(europa.eu\)](#)

taibheoirí athchaibidliú a dhéanamh ina bhfabhar ar chonarthaí a síníodh roimh mhí na Samhna 2013, ‘an ceart chun athchaibidlíochta’⁴⁰. Níl na forálacha sin uile infheidhme ach amháin le linn na tréimhse fadaithe 20 bliain⁴¹.

Is é is cuspóir do na bearta tionlacain sin a áirithiú gur féidir le taibheoirí, a bhfuil a gcearta eisiacha á saothrú, tairbhiú den síneadh leis an téarma, trí fheabhas a chur ar a luach saothair nó ar a seasamh conarthach i leith léiritheoirí ceirníní.

Leis an Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach, tugadh isteach forálacha breise i ndlí cóipchirt an Aontais chun seasamh conarthach údar agus taibheoirí a neartú agus chun a áirithiú go bhfaighidh siad luach saothair cothrom nuair a aistríonn siad a gcearta saothraithe nó nuair a shannann siad iad⁴². Cuireadh na forálacha sin chun feidhme i ngach Ballstát. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht na mbeart sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir, atá le déanamh tráth nach luaithe ná an 7 Meitheamh 2026, agus na tuairimí a chuir na páirtithe leasmhara lena mbaineann in iúl á gcur san áireamh⁴³.

Thairis sin, d’fhoilsigh an Coimisiún staidéar le déanaí chun scrúdú a dhéanamh ar na cleachtais chonartha a úsáidtear sna hearnálacha cruthaitheacha (go háirithe cleachtais maidir le ceannach thar barr amach) chun cóipcheart agus cearta gaolmhara a aistriú ó údair, taibheoirí agus léiritheoirí chuig contrapháirteanna conartha a bhaineann leas as na cearta sin agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcleachtas sin ar luach saothair⁴⁴.

1. Clásal ‘úsáid é nó caill é’

Le hAirteagal 1(2) c (mír 2a nua) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí, tá taibheoirí i dteideal, faoi choinníollacha áirithe, a gconradh a fhoirceannadh maidir lena gcearta a aistriú nó a shannadh do léiritheoir chun fónagram a shaothrú tar éis an 50ú bliain ó foilsíodh é go dleathach nó ó cuireadh in iúl é don phobal, mura n-éiríonn leis an léiritheoir fónagram an taifeadadh a thairiscint nó a chur ar fáil i gcainníocht leordhóthanach. Ní féidir leis an taibheoir an ceart sin a tharscaoileadh.

Is é is aidhm don fhoráil sin cumhacht mhargála na dtaibheoirí a mhéadú i saothrú an taifeadta fuaim le linn thréimhse an tsínidh leis an téarma trína cheadú dóibh, faoi choinníollacha áirithe, conradh saothraithe an fhónagraim leis an léiritheoir a fhoirceannadh. I gcás ina ndéanann an taibheoir an clásal ‘úsáid é nó caill é’ a agairt agus

⁴⁰ Airteagal 1(4) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí

⁴¹ Aithris 10 de Threoir 2011 maidir le Téarmaí

⁴² Airteagail 18 go 23 de Threoir (AE) 2019/790

⁴³ Áirítear sa tuarascáil le déanaí dar teideal ‘[Streams and Dreams part 2](#)’ le D. Johansson torthaí suirbhé ar thionchar na Treorach maidir le Margadh Aonair Digiteach ar ealaíontóirí agus ceoltóirí san Aontas a rinne AEPO-ARTIS agus a chomhaltaí i gcomhar le IAO.

⁴⁴ Staidéar ar chleachtais chonartha a dhéanann difear d’aistriú cóipchirt agus ceart gaolmhar agus ar chumas cruthaitheoirí agus léiritheoirí a gcearta a shaothrú, atá ar fáil ag: [Staidéar foilsithe ag an gCoimisiún ar chleachtais chonartha a dhéanann difear d’aistriú cóipchirt agus ceart gaolmhar | Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú](#)

ina bhfilleann na cearta air, téann cearta an léiritheora san fhónagram in éag chun cómhaitheachtail na gceart sin a sheachaint.⁴⁵

Léiríodh sa staidéar go bhfuil cur i bhfeidhm praiticiúil an chlásail ‘úsáid é nó caill é’ níos casta i roinnt Ballstát le haghaidh taifeadtaí a bhfuil baint ag roinnt taibheoirí leo.⁴⁶ De réir na forála ábhartha de Threoir 2011 maidir le Téarmaí,⁴⁷ ba cheart na rialacha maidir le foirceannadh conartha lena mbaineann iolrachas taibheoirí a shainiú sa dlí náisiúnta is infheidhme. I mBallstáit áirithe, ceanglaítear le dlíthe náisiúnta comhaontú comhchoiteann i measc na dtaibheoirí chun an clásal ‘úsáid é nó caill é’ a agairt in aghaidh an léiritheora, agus d’fhéadfadh sé a bheith deacair teacht ar chomhaontú den sórt sin. Sainaithníodh sa staidéar freisin roinnt samplaí d’fhorálacha dlíthiúla náisiúnta lena n-éascaítear úsáid an chlásail i gcásanna sonracha den sórt sin.⁴⁸

Baineann dúshlán sonracha eile a sainaithníodh sa staidéar le taifeadtaí a cuireadh ar fáil le linn na ré cumannaithe i roinnt Ballstát. Mar shampla, sa Rómáin, baineann taifeadtaí den sórt sin leis an oidhreacht náisiúnta agus, dá bhrí sin, ní féidir ach le stát na Rómáine aon chinneadh a dhéanamh maidir leis na fónagraim sin, seachas na taibheoirí ábhartha.

Léirítear inár dtorthaí go gcuirtear an clásal ‘úsáid é nó caill é’ i bhfeidhm go han-teoranta sa chleachtas. Dealraíonn sé nár foirceannadh conarthaí faoin gclásal seo ach i bhfíorbheagán cásanna. Is é is cúis leis sin go príomha na hathruithe ar threochtaí dailte agus tomhaltais ceoil le 10 mbliana anuas agus forlámhas méadaitheach na samhla sruthaithe. Ciallaíonn fónagram a chuirtear ar fáil ar sheirbhís sruthaithe go bhfuil an taifeadadh á thairiscint nó á chur ar fáil i ‘méid leordhóthanach cóipeanna’ agus, dá bhrí sin, níl feidhm leis na coinníollacha chun an clásal ‘úsáid é nó caill é’ a agairt.

Déantar foráil le hAirteagal 22 den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach do shásra cúlghairme a bhfuil cur i bhfeidhm níos leithne aige ná Airteagal 1(2)(c) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí toisc nach bhfuil sé teoranta do chonarthaí 50 bliain amháin tar éis an fónagram a fhoilsiú go dleathach nó a chur in iúl don phobal. Táthar ag súil go neartóidh an fhoráil sin an seasamh conarthach do gach taibheoir. Mar sin féin, tá solúbthacht áirithe ag na Ballstáit maidir leis an bhforáil nua sin a chur chun feidhme: is féidir leo saothair nó ábhar áirithe a eisiamh ó chur i bhfeidhm an tsásra cúlghairme nó foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm aige ach amháin laistigh de thréimhse shonrach ama⁴⁹. Mar a luadh sa staidéar ar chleachtais chonartha, chuir roinnt Ballstát tuilleadh sonraí isteach chun an sásra sin a chur in oiriúint dá gcórais dlí náisiúnta agus tá éagsúlacht mhór idir na rialacha náisiúnta⁵⁰. Dá bhrí sin, tá an clásal ‘úsáid é nó caill é’ fós ábhartha do thaibheoirí ceoil toisc go ndéantar foráil ann maidir le ceart nach féidir a tharscaoileadh is infheidhme le linn thréimhse an tsínidh leis an téarma.

⁴⁵ An abairt dheireanach d’Aithris (8) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí

⁴⁶ Staidéar, leathanach 82

⁴⁷ Treoir 2011 maidir le Téarmaí, Airteagal 1(2) c, an ceathrú habairt

⁴⁸ Staidéar, leathanach 122, 123

⁴⁹ Airteagal 22(2) den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach

⁵⁰ Staidéar ar chleachtais chonartha a dhéanann difear d’aistriú cóipchirt agus ceart gaolmhar agus ar chumas cruthaitheoirí agus léiritheoirí a gcearta a shaothrú; leathanaigh 195- 197

2. Luach Saothair Forlíontach Bliantúil

Faoi Airteagal 1(2)(c) (míreanna nua ‘2b’, ‘2c’ agus ‘2d’) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí, tá taibheoirí i dteideal ioncam breise a fháil, atá cothrom le 20 % den ioncam bliantúil a dhíorthaíonn léiritheoirí ó shaothrú fónagram le linn tréimhse fadaithe. Íoctar an luach saothair forlíontach sin trí na hioncaim a dhíorthaítear ón bhfónagram a athchruthú, a dháileadh agus a chur ar fáil le linn na bliana roimhe sin.

Níl feidhm ag an Luach Saothair Forlíontach Bliantúil seo ach amháin maidir leis na taibheoirí sin a aistríonn nó a shannann a gcearta eisiacha in aghaidh luach saothair tosaigh neamh-athfhillteach (buntáille). De ghnáth, is ceoltóirí seisiúin iad sin, nach bhfuil i dteideal ioncam céatadánbhunaithe a fháil a ghintear ón rath a d’fhéadfadh a bheith ar a saothar amach anseo. Níl feidhm ag an gceart luacha saothair sin nach féidir a tharscaoileadh maidir le taibheoirí atá i dteideal íocaíochtaí athfhillteacha (‘ríchíosanna’) cheana féin thar an ioncam a ghintear lena taibhithe seasta.

Ní féidir ach le cumainn bailithe dleachtanna Luach Saothair Forlíontach Bliantúil a bhailiú agus a riar.⁵¹ Tar éis dóibh na taifeadtaí incháilithe agus na taibheoirí a shainaithint ar na taifeadtaí sin atá i dteideal Luach Saothair Forlíontach Bliantúil (bunaithe go hiondúil ar an bhfaisnéis atá ar fáil do na cumainn bailithe dleachtanna agus/nó a fhaightear ó na lipéid cheoil), bailíonn cumainn bailithe dleachtanna an t-ioncam sin ó na léiritheoirí ceirníní agus dáileann siad é ar na taibheoirí incháilithe. Áirítear freisin i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí foráil shonrach lena gceanglaítear ar léiritheoirí fónagram aon fhaisnéis is gá a sholáthar maidir le Luach Saothair Forlíontach Bliantúil a íoc le taibheoirí arna iarraidh sin dóibh.⁵²

Measann formhór na gcumann bailithe dleachtanna agus brateagraíochtaí an Aontais a cuireadh faoi agallamh i gcomhthéacs an Staidéir go raibh an tionchar is mó ag Luach Saothair Forlíontach Bliantúil ar ioncam taibheoirí i measc na mbeart a tugadh isteach le Treoir 2011 maidir le Téarmaí.⁵³ Léirítear sna sonraí a bailíodh le haghaidh na Seicia, na hÍsiltíre, na Gearmáine, na Polainne, na Portaingéile, na Sualainne agus na Spáinne go bhfuil méadú mall ach seasta ar bhailiú an Luacha Saothair Fhorlíontaigh Bhliantúil. Léiríonn sé sin go bhfuil gealladh faoin scéim luacha saothair breise seo maidir le foinse ioncaim a sholáthar do thaibheoirí⁵⁴.

Fuarthas amach sa Staidéar nár cuireadh tús le bailiú agus dáileadh an Luacha Saothair Fhorlíontaigh Bhliantúil ach le déanaí i roinnt Ballstát⁵⁵, rud a léiríonn go n-eascraíonn na moilleanna sin as saincheisteanna sonracha cur chun feidhme a bhaineann le feidhmiú cumann bailithe dleachtanna nó as deacrachtaí sealbhóirí cirt i seanfhónagraim a shainaithint i mBallstáit áirithe. Mar shampla, sa tSlóivéin, ní mór do chumainn bailithe

⁵¹ Mír 2d nua d’Airteagal 3 de théacs códaithe na Treorach maidir le Téarmaí

⁵² An dara fomhír de mhír 2c nua d’Airteagal 3 de théacs códaithe na Treorach maidir le Téarmaí

⁵³ Staidéar, leathanach. 70

⁵⁴ Staidéar, leathanach. 72, fig. 20; féach freisin ‘Nuashonrú ar Staidéar Chearta na dTaibheoirí 2022’, AEPO Artis, leathanach. 71.

⁵⁵ Staidéar, leathanach 81

dleachtanna de réir an dlí cóimheas costais is tairbhe a chomhlíonadh maidir leis na cearta a bhainistíonn siad. Measann an cumann bailithe dleachtanna ábhartha go mbeadh an tionchar a mheastar a bheidh ag Luach Saothair Forlíontach Bliantúil ró-íseal chun an cóimheas thuasluaite a bhaint amach faoi láthair.⁵⁶ Sa Pholainn, ba é léiritheoir na n-amhrán a taifeadadh sna 60idí agus 70idí seanchuideachta ceirníní faoi úinéireacht an stáit, nach ann di a thuilleadh. Cé go bhfuil sé de cheart anois ag lipéad eile leas a bhaint as na fónagraim sin, níl feidhm ag an téarma ‘léiritheoir’ sa Pholainn ach amháin maidir leis an eintiteas a thaifead an fónagram ar dtús. Dá bhrí sin, níl sé d’oibleagáid ar na lipéid a bhfuil na cearta ábhartha acu Luach Saothair Forlíontach Bliantúil a íoc.⁵⁷ Sa Rómáin, ceapadh cumann bailithe dleachtanna a bhainistíonn Luach Saothair Forlíontach Bliantúil 3 bliana tar éis thrasúí Threoir 2011 maidir le Téarmaí.⁵⁸

Gan beann ar thionchar an Luacha Saothair Fhorlíontaigh Bhliantúil i gcomparáid le bearta tionlacain eile, measann cumainn bailithe dleachtanna agus cumainn taibheoirí ceoil go raibh tionchar teoranta ag Luach Saothair Forlíontach Bliantúil go dtí seo ar ioncam taibheoirí.⁵⁹ Seachas na saincheistanna thuasluaite a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do bhailiú agus/nó dáileadh an Luacha Saothair Fhorlíontaigh Bhliantúil i roinnt Ballstát, is féidir é a mhíniú freisin leis an líon íseal taifeadtaí a chumhdaítear go dtí seo leis an síneadh leis an téarma.⁶⁰ I gcásanna eile, d’fhéadfadh sé eascairt freisin as na deacrachtaí a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá a fháil chun an Luach Saothair Forlíontach Bliantúil a ríomh agus a íoc.⁶¹ Sainaithníodh an tsaincheist sin sa Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa freisin,⁶² agus tarraingíodh aird ar réitigh a d’fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le léiritheoirí fónagram agus cumainn bailithe dleachtanna araon.⁶³ Tharraing cumainn bailithe dleachtanna aird freisin ar na deacrachtaí a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá a fháil ó léiritheoirí, lena n-áirítear chun na taibheoirí atá i dteideal Luach Saothair Forlíontach Bliantúil a fháil a shainaithint.⁶⁴ D’fhéadfadh forbairtí teicneolaíochta atá ann faoi láthair agus úsáid meiteashonraí ábhartha cuidiú le feabhas a chur ar chomhroinnt na faisnéise is gá chun Luach Saothair Forlíontach Bliantúil a sholáthar do thaibheoirí. I gcomhréir le hAirteagal 1(2)(c) den Treoir, mír 2c, d’fhéadfadh na Ballstáit comhar agus malartú faisnéise den sórt sin a éascú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha chun íocaíocht an Luacha Saothair Fhorlíontaigh Bhliantúil a áirithiú.

Meastar go dtabharfar aghaidh ar na deacrachtaí sin go pointe áirithe trí chur chun feidhme na n-oibleagáidí trédhearcachta a bhunaítear le hAirteagal 19 den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach. Téann an fhoráil sin thar an gceanglas faisnéise atá ann cheana i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí agus is é is aidhm di faisnéis atá cothrom le dáta, ábhartha agus

⁵⁶ Staidéar, leathanach 88

⁵⁷ Staidéar, leathanach 89

⁵⁸ Staidéar, leathanach 82

⁵⁹ Staidéar, leathanach 71

⁶⁰ Staidéar, leathanach 73

⁶¹ Staidéar, leathanach 72, 85

⁶² Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, lch. 7

⁶³ Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, lch. 47

⁶⁴ Nuashonrú ar Staidéar Chearta na dTaibheoirí 2022, AEPO Artis, leathanach. 71.

cuimsitheach a chur ar fáil maidir le saothrú oibreacha agus taibhithe ábhartha.⁶⁵ Mar gheall ar shainiúlachtaí earnálacha ábhair éagsúla, amhail an earnáil ceoil,⁶⁶ ní fhéadfaidh na Ballstáit an fhoráil seo a chur i bhfeidhm maidir le ranníocaíochtaí nach bhfuil mór ach amháin má tá gá léi chun críocha an tsásra coigeartaithe conartha faoi Airteagal 20 den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach⁶⁷.

Is ceart luacha saothair nach féidir a tharscaoileadh é an Luach Saothair Forlíontach Bliantúil agus d'fhéadfadh sé a bheith ina fhoinsé ioncaim chomhlántach ábhartha do thaibheoirí amach anseo. Léirítear sna tuarascálacha trédhearcachta le déanaí ó chumainn bailithe dleachtanna a dhéanann ionadaíocht ar thaibheoirí treocht dhearfach a léiríonn gur riaradh agus gur íocadh an Luach Saothair Forlíontach Bliantúil ar bhealach níos fearr⁶⁸. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an luach saothair a dháilfear ar thaibheoirí i gcás fónagraim a bhfuil tóir orthu ó na 1970idí agus na 1980idí a thosóidh ag tairbhiú den síneadh leis an téarma sna blianta amach romhainn.⁶⁹

3. Foráil maidir le Tús Nua

Ceanglaítear leis an bhforáil maidir le 'tús nua' a leagtar amach in Airteagal 1(2)(c) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí (mír 2e nua) go mbeidh ríchíosanna a dháiltear ar thaibheoirí ar feadh na tréimhse fadaithe saor ó réamhíocaíochtaí agus ó aon asbhaint arna sainiú de réir conartha, lena laghdaítear ioncam na dtaibheoirí sin ar deireadh. Cumhdaítear leis an bhforáil sin na taibheoirí sin a d'aistrigh nó a shann a gcearta do léiritheoirí fónagram mar mhalairt ar íocaíochtaí ríchiosa agus cead a thabhairt dóibh tairbhiú de luach saothair méadaithe ar feadh an téarma cosanta shínithe.

Tugann an fhianaise le fios gur cuireadh an fhoráil maidir le tús nua chun feidhme sa chleachtas trí théarmaí conarthacha idir lipéid cheoil agus taibheoirí cheana féin roimh dhul in éag an téarma 50 bliain.⁷⁰ Léiríodh sa staidéar ó Pharlaimint na hEorpa an tsaincheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le maolú trí chonradh idir taibheoirí agus léiritheoirí ceirníní ar an bhforáil maidir le tús nua⁷¹, ag brath ar an gcaoi ar thrasuigh na Ballstáit an beart sin; níor aimsíodh sa Staidéar, áfach, aon fhianaise ar chleachtas iarbhir den sórt sin sna Ballstáit atá cumhdaithe.

D'ainneoin na fianaise teoranta a bailíodh, is coimirce thábhachtach í an fhoráil maidir le tús nua do thaibheoirí chun a áirithiú go dtairbheidh siad go hiomlán den téarma cosanta sínithe trí ríchíosanna a íoc gan aon asbhaintí tar éis an chéad 50 bliain cosanta a bheith thart.

⁶⁵ Tabharfaidh sé sin aghaidh freisin ar an imní a cuireadh in iúl sa staidéar ó Pharlaimint na hEorpa (leathanach 27) maidir le cur chun feidhme náisiúnta an cheanglais faisnéise i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí

⁶⁶ Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach, Aithris (77)

⁶⁷ Airteagal 19(4) den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach

⁶⁸ Féach mar shampla tuarascáil trédhearcachta 2023 ó SAI chumann bailithe dleachtanna na Fraince, [Rapport-de-transparence-exercice-2023.pdf](#)

⁶⁹ Staidéar Ich. 74

⁷⁰ Staidéar Ich. 77

⁷¹ Staidéar ó Pharlaimint na hEorpa, leathanach 50

4. An ceart chun athchaibidlíochta

Is foráil roghnach é Airteagal 1(4) de Threoir 2011 maidir le Téarmaí lena gceadaítear do na Ballstáit an ceart chun athchaibidlíochta ina bhfabhar a thabhairt do thaibheoirí i gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 1 Samhain 2013 tar éis 50 bliain ó fhoilsiú an taifeadta. Dealraíonn sé gurb í an Fhrainc amháin a chuir an beart sin chun feidhme, cé go raibh ‘ceart chun athchaibidlíochta’ den sórt sin ann cheana féin i mBallstát amháin ar a laghad⁷² faoin tráth a glacadh Treoir 2011 maidir le Téarmaí. Níl aon fhianaise ar fáil maidir le húsáid an chirt sin sa chleachtas.

Sa chás sin freisin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil foráil in Airteagal 20 den Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach a bhfuil sprioc aici atá cosúil leis an ‘gceart chun athchaibidlíochta’. Tugtar isteach léi sásra coigeartaithe conartha lena gceadaítear d’údair agus do thaibheoirí nó dá n-ionadaithe, faoi choinníollacha áirithe, luach saothair breise a éileamh i gcás ina dtarlaíonn sé go bhfuil an luach saothair a comhaontaíodh ar dtús díréireach íseal i gcomparáid le hioncaim ábhartha ina dhiaidh sin. Ós rud é go bhfuil an fhoráil níos déanaí sin éigeantach do na Ballstáit, sa chleachtas d’fhéadfaí í a chur i bhfeidhm níos minice ná an ‘ceart chun athchaibidlíochta’ faoi Threoir 2011 maidir le Téarmaí.

VI. CONCLÚID

Ar an iomlán, trí thréimhse bhreise chosanta a thabhairt isteach do léiritheoirí agus do thaibheoirí san earnáil ceoil, mar aon le bearta tionlacain sonracha, i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí baineadh amach cuspóirí ginearálta (‘léiriú ceoil a chur chun cinn san Eoraip’) agus cuspóirí sonracha (‘rannchuidiú le feabhas a chur ar leas taibheoirí sa tionscal ceoil’; ‘rannchuidiú le feabhas a chur ar iomaíochas an tionscail ceoil san Eoraip’; ‘an stór ceoil atá ar fáil a mhéadú’).⁷³

Cé go bhfuil sé deacair an tionchar eacnamaíoch a bhaineann le síneadh a chur leis an téarma cosanta san earnáil ceoil a leithlisiú, léirigh an fhianaise a bailíodh gur ceadaíodh saothrú leanúnach fónagram níos sine a áirithiú chomh maith le luach saothair taibheoirí ceoil maidir le saothrú a dtaibhithe níos luaithe nuair a bhain siad aois níos sine amach, rud a chuidigh le feabhas a chur ar a staid airgeadais.

Chuidigh an síneadh leis an téarma freisin leis na sreafaí ioncaim le haghaidh léiritheoirí fónagram a choinneáil ar bun chun leas a bhaint as seanchatalóga. Spreagann sé sin digitiú taifeadtaí níos sine ar féidir leas a bhaint astu anois freisin trí sheirbhísí digiteacha dáileacháin ceoil agus cuireann sé leis an bhfáil níos leithne atá ar cheol na hEorpa.

Meastar go mbeidh tionchar níos láidre ag an síneadh leis an téarma ar ioncam taibheoirí agus léiritheoirí ceoil go luath amach anseo, nuair a thiocfaidh amhráin a bhfuil tóir orthu

⁷² Mar shampla sa Ghearmáin

⁷³ Measúnú Tionchair, lch. 26

ó sheánraí ceoil éagsúla ó dheireadh an 20ú haois faoi raon feidhme Threoir 2011 maidir le Téarmaí. Meastar go mbeidh an feiniméan sin ceangailte le ráta bailithe agus dáileacháin níos airde is infheidhme maidir leis an Luach Saothair Forlíontach Bliantúil, rud a mheastar a chuirfidh tuilleadh feabhais ar staid airgeadais na dtaibheoirí.

Bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, is cosúil nach bhfuil an tionchar céanna ag na bearta tionlacain eile atá i dTreoir 2011 maidir le Téarmaí ('úsáid é nó caill é', 'tús nua' agus 'an ceart chun athchaibidlíochta') ná mar a bhí coinne leis. Mar sin féin, cuireann siad coimircí tábhachtacha ar fáil do thaibheoirí ina gcaidreamh conarthach le léiritheoirí, a mhéid a bhaineann le saothrú a gceart agus an luach saothair atá dlite le linn an téarma cosanta shínithe. Táthar ag súil go gcuirfidh na forálacha maidir le luach saothair na gcruthaitheoirí sa Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach a thuilleadh le seasamh margála na dtaibheoirí a neartú.

Bunaithe ar an measúnú sin, is cosúil nach gá athbhreithniú breise a dhéanamh ar Threoir 2006/116/CE. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar éabhlóid mhargadh ceoil na hEorpa. Déanfar measúnú ar thionchair na bhforálacha maidir le luach saothair cóir atá sa Treoir maidir le Margadh Aonair Digiteach i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir sin, atá le foilsiú tráth nach luaithe ná an 7 Meitheamh 2026.